**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0163/2024**

4.4.2024

# TUARASCÁIL

ar leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le hoiliúint faoi choinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus faoi dhea-bhainistiú oifige
(2024/2006(REG))

An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

Rapóirtéir: Gabriele Bischoff

# CLÁR

**Leathanach**

TOGRA LE HAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ............................3

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .7

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.......................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

## TOGRA LE HAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le hoiliúint faoi choinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus faoi dhea-bhainistiú oifige**

**(2024/2006(REG))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Rialacha 236 agus 237 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0163/2024),

1. á chinneadh a cuid Rialacha Nós Imeachta a leasú de réir mar a léirítear anseo thíos;

2. á chinneadh go dtiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm an 16 Iúil 2024;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, mar fhaisnéis.

**Leasú 1**

**Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte**
**Riail 10 – mír 6 – fomhír 2**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfar Feisirí a thoghadh mar shealbhóirí oifige de chuid na Parlaiminte ná de cheann dá chomhlachtaí, ná ní fhéadfar iad a cheapadh mar rapóirtéir, ná a bheith rannpháirteach i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíocht idirinstitiúideach, más rud é nach mbeidh an dearbhú ***a bhaineann leis*** an gCód sin sínithe acu. | Ní fhéadfar Feisirí a thoghadh mar shealbhóirí oifige na Parlaiminte ná ceann dá chomhlachtaí, ná ní fhéadfar iad a cheapadh mar Rapóirtéir, ná a bheith rannpháirteach i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíocht idirinstitiúideach: |
| | *(a)* más rud é nach bhfuil an dearbhú sínithe acu ***lena ndeimhnítear go bhfuil siad tiomanta*** an Cód sin ***a chomhlíonadh, lena n-áirítear an oiliúint speisialaithe a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa dóibh a chur i gcrích maidir le coinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus maidir le dea-bhainistíocht oifige; nó*** |
| | ***(b) más rud é nach bhfuil an oiliúint speisialaithe dá dtagraítear i bpointe (a)*** |

***curtha i gcrích acu, de shárú ar an spriocdháta agus ar na coinníollacha a leagtar síos sa Chód sin.***

**Leasú 2**

**Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte**
**Riail 21 –mír 1**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Comhdháil na nUachtarán, ag gníomhú le tromlach trí chúigiú de na vótaí a chaitear, agus ionadaíocht ó thrí ghrúpa pholaitiúla ar a laghad a bheith ann sna vótaí sin, togra a chur faoi bhráid na Parlaiminte go ndéanfaidh sí téarma oifige an Uachtaráin, Leas-Uachtaráin, Caestóra, Cathaoirligh nó Leaschathaoirligh coiste, Cathaoirligh nó Leaschathaoirligh toscaireachta idirpharlaimintí, nó aon sealbhóra oifige eile arna thoghadh nó arna toghadh laistigh den Pharlaimint, a thabhairt chun deiridh i gcás ina measann sí go bhfuil an Feisire atá i gceist ciontach i mí- iompar tromchúiseach. Déanfaidh an Pharlaimint cinneadh faoin togra sin a ghlacadh le tromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, ach tromlach na bhFeisirí a chomhdhéanann í a bheith ann sa líon vótaí sin. | Féadfaidh Comhdháil na nUachtarán, ag gníomhú le tromlach trí chúigiú de na vótaí a chaitear, agus ionadaíocht ó thrí ghrúpa pholaitiúla ar a laghad a bheith ann sna vótaí sin, togra a chur faoi bhráid na Parlaiminte go ndéanfaidh sí téarma oifige an Uachtaráin, Leas-Uachtaráin, Caestóra, Cathaoirligh nó Leaschathaoirligh coiste, Cathaoirligh nó Leaschathaoirligh toscaireachta idirpharlaimintí, nó aon sealbhóra oifige eile arna thoghadh nó arna toghadh laistigh den Pharlaimint, a thabhairt chun deiridh i gcás ina measann sí: |
| | ***(a)*** go bhfuil an Feisire atá i gceist ciontach i mí-iompar tromchúiseach, ***nó*** |
| | ***(b) nach bhfuil an oiliúint speisialaithe arna heagrú ag Parlaimint na hEorpa dóibh maidir le coinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus maidir le dea-bhainistíocht oifige curtha i gcrích ag an bhFeisire i gceist de shárú ar an spriocdháta agus ar na coinníollacha a leagtar síos sa Chód iompair iomchuí d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu [12a].*** |
| | Déanfaidh an Pharlaimint cinneadh faoin togra sin a ghlacadh le tromlach dhá thrian |

de na vótaí a chaitear, ach tromlach na bhFeisirí a chomhdhéanann í a bheith ann sa líon vótaí sin.

---

[12a] ***Féach Iarscríbhinn II.***

**Leasú 3**

**Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte**
**Riail 21 –mír 2**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sáraíonn Rapóirtéir ***forálacha an Chóid Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, is forálacha a bhaineann le leasanna airgeadais agus le coinbhleachtaí leasa***[13], féadfaidh an coiste a rinne an Rapóirtéir sin a cheapadh, ar thionscnamh an Uachtaráin agus ar thogra ó Chomhdháil na nUachtarán, seilbh na hoifige sin a fhoirceannadh. Beidh feidhm ag na tromlaigh a leagtar síos sa chéad mhír mutatis mutandisag gach céim den nós imeachta seo. | I gcás ina raibh Rapóirtéir ***ciontach i mí-iompar tromchúiseach nó nach bhfuil an oiliúint speisialaithe dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b) curtha i gcrích aige nó aici, de shárú ar an spriocdháta agus ar na coinníollacha a leagtar síos sa Chód iompair iomchuí d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu***, féadfaidh an coiste a cheap é nó í, ar thionscnamh an Uachtaráin agus ar thogra ó Chomhdháil na nUachtarán, seilbh na hoifige sin a fhoirceannadh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na tromlaigh a leagtar síos sa chéad mhír ***agus sa dara mír*** maidir le gach céim den nós imeachta seo. |

**Leasú 4**

**Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte**
**Riail 176 – mír 1 – fomhír 3**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I ndáil le*** Riail 10 (6), ní fhéadfaidh an tUachtarán cinneadh réasúnaithe a ghlacadh faoin Riail seo ach amháin tar éis é a bheith suite gur tharla ciapadh i gcomhréir leis an nós imeachta riaracháin inmheánach maidir le ciapadh agus maidir lena chosc. | ***Maidir leis an toirmeasc ar aon chineál ciaptha shíceolaíoch nó gnéis a leagtar síos sa chéad fhomhír de*** Riail 10(6), ní fhéadfaidh an tUachtarán cinneadh réasúnaithe a ghlacadh faoin Riail seo ach amháin tar éis a shuíomh gur tharla ciapadh i gcomhréir leis an nós imeachta riaracháin inmheánach is infheidhme maidir le |

| | |
|---|---|
| | ciapadh agus maidir lena chosc. |

**Leasú 5**

**Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte**
**Iarscríbhinn II – pointe 5**

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar gá, comhoibreoidh Feisirí ***go pras agus*** go hiomlán leis na nósanna imeachta ***atá i bhfeidhm chun*** staideanna coimhlinte nó ciaptha (síceolaíoch nó gnéasach) a láimhseáil, lena n-áirítear freagairt go pras d'aon líomhaintí maidir le ciapadh. ***Ba cheart*** d’Fheisirí páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna speisialaithe a eagraítear dóibh a phléann le coimhlint agus ciapadh a chosc san áit oibre agus le dea-bhainistiú oifige. | 5. I gcás inar gá, comhoibreoidh na Feisirí go pras agus go hiomlán ***i gcomhréir*** leis na nósanna imeachta ***a leagtar síos ag an mBiúró, atá i bhfeidhm d’fhonn*** staideanna coimhlinte nó ciaptha (síceolaíoch nó gnéasach) a láimhseáil, lena n-áirítear ***trí*** fhreagairt go pras d’aon líomhaintí maidir le ciapadh. |
| | ***Glacfaidh*** feisirí, ***nach bhfuil sin déanta acu cheana féin***, páirt i gcúrsaí oiliúna speisialaithe arna heagrú dóibh ***ag Parlaimint na hEorpa*** maidir le coimhlint agus ciapadh a chosc san áit oibre agus maidir le dea-bhainistíocht oifige. ***Cuirfear an oiliúint speisialaithe sin i gcrích laistigh den chéad 6 mhí de théarma oifige an Fheisire ach amháin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe. Foilseofar teastais na bhFeisirí maidir le críochnú na hoiliúna speisialaithe sin ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.*** |
| | ***Meastar gur sárú tromchúiseach ar Riail 10(6) é mura bhfuil an oiliúint speisialaithe curtha i gcrích ag Feisire de shárú ar an dara fomhír. Is é an toradh a bheidh ar an sárú sin, de bhun Riail 176, go bhforchuirfear ceann amháin nó níos mó de na pionóis.*** |

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

The rapporteur declares under her exclusive responsibility that she did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 3.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 14<br>–: 9<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gabriele Bischoff, Leila Chaibi, Włodzimierz Cimoszewicz, Ana Collado Jiménez, Daniel Freund, Charles Goerens, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Jaak Madison, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Helmut Scholz, Pedro Silva Pereira, Sven Simon, Loránt Vincze, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gilles Boyer, Mercedes Bresso, Christian Doleschal, Sophia in 't Veld, Miapetra Kumpula-Natri, Niklas Nienaß |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François Thiollet, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 14 | + |
|---|---|
| Renew | Gilles Boyer, Charles Goerens, Sandro Gozi |
| S&D | Gabriele Bischoff, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Miapetra Kumpula-Natri, Domènec Ruiz Devesa, Pedro Silva Pereira |
| The Left | Leila Chaibi, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Daniel Freund, Niklas Nienaß, François Thiollet |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Jaak Madison, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | Ana Collado Jiménez, Christian Doleschal, Brice Hortefeux, Sven Simon, Loránt Vincze, Lucia Vuolo, Rainer Wieland |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh